An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

## Ráiteas Straitéise 2024 – 2025



# Brollach



An tAire Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta,
**Peter Burke, T.D.**

Tá ról lárnach ag mo Roinn maidir le cruthú fiontair agus fostaíochta ardchaighdeáin, inbhuanaithe a éascú ar fud na hÉireann. Tá an líon daoine atá fostaithe in Éirinn tar éis na leibhéil is airde riamh a bhaint amach agus tá fás leanúnach i ngach réigiún. In ainneoin na ndúshlán iomadúla a tháinig chun cinn mar gheall ar an mBreatimeacht, na paindéime agus cur isteach ar an slabhra soláthair, tá ár bhfeidhmíocht onnmhairithe láidir agus fós athléimneach. Is creidiúint é an fheidhmíocht gan fhasach seo do thiomantas agus nuálaíocht fostóirí agus fostaithe ar fud na tíre a fhaigheann tacaíocht ó obair na Roinne seo, ár n-oifigí agus ár ngníomhaireachtaí forbartha fiontair.

Ag an am céanna, ní féidir linn ár maidí a ligean le sruth. Tá gnó ar fud na cruinne á athrú ag athrú aeráide, borradh faoi theicneolaíochtaí nua agus suaiteacha atá á nglacadh agus dinimic gheopholaitiúil atá ag athrú. Cruthaíonn na forbairtí seo dúshláin agus deiseanna araon. Tá brú mór ar FBManna Éireannacha agus ar fhiontair bheaga go háirithe maidir le freagairt do na haistrithe digiteacha agus glasa, iomaíochas a choinneáil i margaí agus costais a bhainistiú.

Leagtar amach sa Straitéis seo ár gcur chuige maidir le timpeallacht ghnó rathúil a chruthú agus a chothabháil le haghaidh trádála agus infheistíochta, a éascaíonn fiontraíocht agus a thacaíonn le pobail ar fud na hÉireann trí phoist a chruthú agus fás eacnamaíoch. Tá cuidiú le gnólachtaí nuálaíocht, dícharbónú agus feidhmíocht a threisiú trí chlaochlú digiteach ina ngnéithe riachtanacha dár straitéis fiontraíochta.

Mar gheilleagar bheag oscailte, tá trádáil, infheistíocht dhíreach choigríche agus an gá le bheith iomaíoch ar bhonn domhanda fós ina mbunchlochanna dár straitéis. Ag leibhéal an AE ní mór dúinn leanúint ar aghaidh le leasanna, tionchar agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn. Leanfaimid ag tacú le caidreamh dearfach san ionad oibre, áiteanna oibre sábháilte agus timpeallacht rialála a thacaíonn le fiontraíocht agus iomaíocht agus ag an am céanna cosaintí cuí a sholáthar do pháirtithe leasmhara.

Táim muiníneach go gcuirfidh an Straitéis seo ar ár gcumas cur leis an dul chun cinn atá déanta cheana féin ag an Rialtas maidir le geilleagar athléimneach, inbhuanaithe agus cothrom réigiúnach a sheachadadh.

# Brollach



Ard-Rúnaí,
**Declan Hughes**

Tá ár Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tosaigh maidir le comhairle a chur ar bheartais an Rialtais agus iad a chur i bhfeidhm maidir le cumas táirgiúlachta an gheilleagair a spreagadh, agus timpeallacht a chruthú a spreagann agus a thacaíonn le fiontraíocht, le fiontar agus le fás ardchaighdeáin fostaíochta.

Cuireann an Straitéis seo leis an dul chun cinn suntasach atá déanta againn ag seachadadh na dtosaíochtaí atá leagtha amach sa Chlár don Rialtas, **Ár dTodhchaí Chomhroinnte**. Is í an fhís atá againn ná a chinntiú go bhfuil Éire ar an áit is fearr le dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí gnó ar fud gach cearn dár dtír. Léiríonn an Straitéis seo Cuspóirí **Pháipéar Bán an Rialtais ar Fhiontraíocht** chun a chinntiú go gcuireann Éire lena láidreachtaí mar gheilleagar oscailte agus go gcuireann luas faoi oiriúnú fiontair do na haistrithe glasa agus digiteacha, go háirithe FBManna. Dírímid ar an mbonn láidir d'infheistíocht dhíreach eachtrach in Éirinn a chothú agus go bhfanaimid ar thús cadhnaíochta i dteicneolaíochtaí nua agus i dtionscail na todhchaí, le meascán beoga, athléimneach, éagsúlaithe go réigiúnach de chuideachtaí domhanda le rá, fiontair Éireannacha atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus gnóthaí áitiúla atá faoi bhláth. Tabharfaimid tosaíocht do agus feabhsóimid iomaíocht chóir sa mhargadh, cosaint tomhaltóirí agus cosaint cearta fostaíochta.

Mar Roinn a bhfuil sainchúram leathan beartais aici, tá sé mar aidhm againn a bheith lúfar, nuálaíoch agus cuimsitheach. Tá ár gcur chuige fréamhaithe in éiteas na seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, comhionannas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, cothroime, dínit agus meas. Mar Roinn táimid tiomanta do dhul i dteagmháil leis an bpobal gnó, le heagraíochtaí ionadaíochta fostóirí agus fostaithe, agus le páirtithe leasmhara ar fud na tíre chun beartas a fhorbairt.

Baineann ár Straitéis leas as raon leathan ionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a chuir aighneachtaí isteach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair chrua atá déanta ag foireann na Roinne freisin; agus baill foirne inár nOifigí agus gníomhaireachtaí forbartha, a gcinntíonn a n-iarrachtaí agus a dtiomantas gur féidir linn ár misean ríthábhachtach don Rialtas agus do mhuintir na hÉireann a chomhlíonadh.

# Fís

Cinnteoimid go bhfuil Éire ar an áit is fearr le dul chun cinn a dhéanamh le gnó i ngach cuid dár dtír, le fiontair bheoga, iomaíocha, níos mó fostaíochta ar ardchaighdeán, trádáil atá ag fás, ionaid oibre atá cothrom agus táirgiúlacht níos airde.

# Misean

Beimid i gceannas ar fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe trí fhostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú ar fud gach cuid dár dtír trí: fiontair a chur chun cinn; tacú le FBManna agus le micrifhiontair a chinntíonn bonn iomaíoch gnó don fhiontar inbhuanaithe, rud a chumasaíonn nuálaíocht agus infheistíocht; naisc dhomhanda agus trádáil a neartú; margaí córa iomaíocha a chur chun cinn, agus cleachtas gnó freagrach; obair a dhreasú chomh maith le láithreacha oibre sábháilte, solúbtha agus réasúnta trí obair rialála agus forfheidhmithe na Roinne, a cuid Oifigí agus a Gníomhaireachtaí.

# Luachanna

Mar Roinn, cothaímid cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta, nuálaíochta agus luach ar airgead, atá fréamhaithe in éiteas na seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, comhionannas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, cothroime, dínit agus meas. Mar Státseirbhísigh, glacaimid na caighdeáin is airde gairmiúlachta, macántachta, oibiachtúlachta agus cáilíochta, atá lárnach chun ár róil a chomhlíonadh maidir le freastal ar an Rialtas, ar an gcóras daonlathach agus ar an bpobal. Ag teacht lenár n-oibleagáidí faoin reachtaíocht um Chearta an Duine, cuirfimid luach ar chomhionannas, cuimsitheacht agus cearta daonna agus cuirfimid iad chun cinn inár gcuid oibre.

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 6 |
| Ár Spriocanna Straitéiseacha | 10 |
| Sprioc 1: Fostaíocht iomlán agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chothú. | 12 |
| Sprioc 2: Na haistrithe ísealcharbóin agus digiteacha a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht na bhfiontar atá bunaithe in Éirinn a chinntiú. | 14 |
| Sprioc 3: Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe. | 16 |
| Sprioc 4: Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó chun cur le tarraingteacht na hÉireann mar áit le gnó a dhéanamh. | 18 |
| Sprioc 5: Sábháilteacht san ionad oibre agus fostaíocht ardchaighdeáin a chur chun cinn agus seasamh le cearta fostaíochta. | 20 |
| Sprioc 6: Roinn nuálach, uilechuimsitheach agus lúfar a thógáil le héiteas láidir seirbhíse poiblí ag tiomáint forfheidhmiú beartais atá éifeachtach agus freagrach. | 22 |
| Cearta Daonna agus Comhionannas Dualgas na hEarnála Poiblí | 24 |
| Monatóireacht a Dhéanamh ar Fheidhmíocht | 26 |

# Réamhrá

Tá ár Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tosaigh maidir le comhairle a chur ar bheartais an Rialtais agus iad a chur i bhfeidhm maidir le cumas táirgiúil an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú a éascaíonn fiontraíocht, fiontar agus fás fostaíochta.



**Ag obair lenár n-oifigí agus gníomhaireachtaí, clúdaíonn cuspóirí straitéiseacha ár Roinne do 2024-2025 raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:**

- Cabhrú le fiontraithe agus fiontraíocht, fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú ar fud na réigiún go léir, trí bhonn láidir fiontair faoi úinéireacht Éireannach a fhorbairt, infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus a choinneáil agus trádáil a neartú.
- Tacú le FBManna agus le micrifhiontair chun cumas a fhorbairt agus chun athléimneacht agus iomaíochas ag leibhéal gnólachta a fheabhsú.
- Cur chuige uile-Rialtais a threorú chun iomaíochas idirnáisiúnta na timpeallachta a fheabhsú go leanúnach maidir le hinfheistíocht, táirgiúlacht agus poist inbhuanaithe agus ardchaighdeáin.
- Beartas a dhíriú chun cabhrú le fiontair astaíochtaí carbóin agus úsáid acmhainní a laghdú, infheistíocht a dhéanamh sa dícharbónú agus sa gheilleagar ciorclach, leas a bhaint as deiseanna an aistrithe go glan-nialas agus dlús a chur le díchúpláil an fháis eacnamaíoch agus an tomhaltais acmhainní.

- Uaillmhian na hÉireann maidir le bheith ina ceannaire teicneolaíochta digiteach agus teorann a bhaint amach trí thimpeallacht rialaitheach áirithe a bhunú, tacú le haistriú digiteach fiontar na hÉireann agus idirbheartaíocht éifeachtach agus cur i bhfeidhm bheartais agus rialacháin AE um theicneolaíochtaí digiteacha agus na todhchaí.
- Cabhrú le fiontair chun tabhairt faoi infheistíocht agus nuálaíocht chun buntáiste iomaíoch a choinneáil i margaí áitiúla agus domhanda agus poist ardchaighdeáin a chruthú.
- Fostaíocht ar ardchaighdeán a chur chun cinn, caidreamh dearfach san ionad oibre, meicníochtaí dea-fheidhmithe chun díospóidí a réiteach, timpeallachtaí sábháilte oibre agus cearta oibrithe a chosaint.
- A chinntiú go n-éascaítear infheistíocht agus forbairt inbhuanaithe, iomaíocht sa mhargadh, caighdeáin arda um chosaint tomhaltóirí agus rialachas corparáideach, lenár rialáil ghnó.
- Oibriú go huaillmhianach ar fud an Rialtais lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta chun leasanna, tionchar agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn.
- An luach is fearr ar airgead a chinntiú agus caiteachas na Roinne a ailíniú le tosaíochtaí beartais, bunaithe ar shonraí, ar fhianaise agus ar mheastóireacht láidir.

Tá an straitéis seo bunaithe ar **Pháipéar Bán an Rialtais ar Fhiontraíocht 2022-2030** ina leagtar amach na tosaíochtaí do bheartas fiontraíochta na hÉireann sa tréimhse go dtí 2030. Soláthraíonn sí fís go n-éireoidh le fiontair atá bunaithe in Éirinn trí bhuntáiste iomaíoch a bheidh bunaithe ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus táirgiúlacht.



Bunchloch dár straitéis is ea an dá aistriú digiteach agus glas a chur chun cinn agus múnla eacnamaíoch inbhuanaithe a fhorbairt, chun ár spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach agus chun na deiseanna eacnamaíocha a thagann chun cinn a thapú.

Chun an t-aistriú digiteach a chur chun cinn, tá an straitéis seo bunaithe ar **Leas a Bhaint as Digitiú – Creat Digiteach na hÉireann**, chomh maith leis an **Straitéis Náisiúnta IS**, a leag amach uaillmhianta d'Éirinn a bheith ina ceannaire digiteach chun iomaíochas a chinntiú, táirgiúlacht a spreagadh agus fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní neamh-inbhuanaithe a chumasú. Soláthróidh ár ngníomhaireachtaí fiontair agus ár nOifigí Fiontair Áitiúla comhairle agus raon cúnaimh airgeadais go réamhghníomhach le haghaidh claochlú digiteach agus glas, agus beidh an clár oibre bunúsach dá rannpháirtíocht le fiontraíocht.

Is fiontair bheaga agus mheánmhéide agus micrifhiontair iad an chuid is mó de ghnólachtaí na hÉireann agus cuireann siad fostaíocht ar fáil a bhfuil luach mór uirthi i bpobail ar fud na tíre. Chun tacú leis na fiontair seo, oibreoimid chun **Ráiteas Beartais 2024 – 2030 na hOifige Fiontair Áitiúil (OFÁ)** a sheachadadh a leagann béim ar ról na hOFÁ mar ionad céad stad ag leibhéal áitiúil do gach gnóthas agus a leagann amach conas a chothaíonn na hOFÁnna cultúr láidir fiontraíochta agus a chuireann siad an fhiontraíocht chun cinn go náisiúnta. Sonraíonn an Ráiteas Beartais freisin conas a rachaidh obair na OFÁ in oiriúint chun rannchuidiú le cúig cinn de thosaíochtaí an Pháipéir Bháin ar Fhiontraíocht a chur i bhfeidhm – dícharbónú, digitiú, líon na n-onnmhaireoirí a mhéadú, cur ar chumas na hearnála a thrádáiltear go háitiúil borradh a bheith fúithi, agus cur le nuálaíocht fiontair.

Tá nascacht na hÉireann le clár oibre an AE agus go hidirnáisiúnta ríthábhachtach. Agus muid ag ullmhú d'uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach in 2026, leanfaimid ag tacú le beartais agus rialacháin atá ar son na fiontraíochta, ar son na trádála agus ar son an tomhaltóra agus a chothaíonn geilleagar atá neamhdhíobhálach don nuálaíocht ar leibhéal an AE. Is cuid lárnach dár straitéis í infheistíocht dhíreach shoghluaiste a fháil agus a chothú ó ghnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus faoi úinéireacht eachtrach. Cuirfimid an **Straitéis Trádála agus Infheistíochta 2022-2026: Luach d'Éirinn, Luachanna don Domhan** i bhfeidhm chun cur leis an gcion dearfach is féidir le trádáil agus infheistíocht a dhéanamh dár bhforbairt eacnamaíoch. Beidh freagairt na hÉireann ar phatrúin domhandaithe athraitheacha agus ar ilroinnt an mhargaidh agus an tslabhra soláthair lena mbaineann solúbtha agus lúfar agus ag an am céanna ag soláthar leanúnachais agus cobhsaíochta mar rogha cheann scríbe infheistíochta.

Thar shaolré na Straitéise seo leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag seachadadh caidreamh dearfach san ionad oibre, forghníomhú láidir cearta fostaíochta, timpeallacht oibre shábháilte agus beartas imirce eacnamaíoch freagrúil ailínithe le riachtanais an gheilleagair. Leanfaidh ár Roinn ag forbairt agus ag cur reachtaíochta i bhfeidhm chun feabhas a chur ar thimpeallacht rialála gnó na hÉireann agus ar a tarraingteacht mar shuíomh a éascaíonn fiontraíocht, agus ag an am céanna cosaintí cuí a sholáthar do pháirtithe leasmhara. Cuirfidh an obair seo tionchar aon reachtaíocht nua ar FBManna san áireamh.

Mar Roinn táimid tiomanta do bheith ag obair le chéile ar fud an rialtais chun tacú lenár ngeilleagar agus ár sochaí, agus chun timpeallacht dhearfach a sholáthar inar féidir le fiontraíocht agus fostaíocht a bheith faoi bhláth. Tá ár Roinn tiomanta dul i dteagmháil go díreach leis an

bpobal gnó, le heagraíochtaí ionadaíochta fostóirí agus fostaithe, agus le páirtithe leasmhara eile i ngach cuid den tír chun cabhrú linn freagairtí beartais ar na deiseanna agus na dúshláin inár ngeilleagar a aithint, a thuiscint agus a fhorbairt. Tá roinnt fóram bunaithe againn chun comhairliúchán, rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht a éascú.

Forbraíodh an straitéis seo freisin i gcomhthéacs an róil atá againn maidir le cur le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA a chur chun cinn i réimsí lena n-áirítear fostaíocht, timpeallachtaí sábháilte agus slán, nuálaíocht a chothú agus cuideachtaí a spreagadh chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu.

Ar deireadh, mar Roinn, breithneoimid nuair is cuí agus nuair is infheidhme rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga inár gcuid oibre freisin mar a shamhlaítear i bPlean Gníomhaíochta an **Rialtais um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2024 – 2028.**



# Ár Spriocanna Straitéiseacha

## Sprioc 1

**Fostaíocht iomlán agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chothú.**

**Toradh:** Fostaíocht iomlán i ngach cuid den tír, agus timpeallacht iomaíoch a thacaíonn le fiontraíocht mar bhonn agus mar thaca aici le bonn fiontraíochta atá athléimneach, nuálach, táirgiúil agus inbhuanaithe.

## Sprioc 2

**Na haistrithe ísealcharbóin agus digiteacha a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht na bhfiontar atá bunaithe in Éirinn a chinntiú.**

**Toradh:** Ailíniú le sprioc an Phlean Gníomhaíochta Aeráide maidir lenár n-astaíochtaí foriomlána gáis cheaptha teasa a laghdú faoi leath faoi 2030, agus geilleagar glan nialasach ina dhiaidh sin faoi 2050, agus costais an dícharbónaithe a mhaolú agus deiseanna fáis sa gheilleagar glas a chothú. Dul chun cinn i dtreo Éire a bheith ina geilleagar digiteach ceannródaíoch chun táirgiúlacht agus fás eacnamaíoch a fheabhsú.

## Sprioc 3

**Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe.**

**Toradh:** Ár dtrádáil a fhás agus a éagsúlú ar bhealach inbhuanaithe, deiseanna fiontraíochta nua a ghiniúint i ngeilleagar uile-oileáin, agus cineálacha IDC nua a shaothrú.

## Sprioc 4

**Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó chun cur le tarraingteacht na hÉireann mar áit le gnó a dhéanamh.**

**Toradh:** Timpeallacht ghnó a éascaíonn infheistíocht agus forbairt, iomaíocht sa mhargadh, agus ardchaighdeáin cosanta tomhaltóirí agus rialachais chorparáidigh.

## Sprioc 5

**Sábháilteacht san ionad oibre agus fostaíocht ardchaighdeáin a chur chun cinn agus seasamh le cearta fostaíochta.**

**Toradh:** Creat beartais, reachtach agus institiúideach a chumasaíonn fostaíocht ardchaighdeáin, dea-chaidreamh tionsclaíoch agus timpeallachtaí sábháilte oibre, a chothromaíonn solúbthacht agus slándáil agus a sholáthraíonn cosaint do gach fostaí.

## Sprioc 6

**Roinn nuálach, uilechuimsitheach agus lúfar a thógáil le héiteas láidir seirbhíse poiblí ag tiomáint forfheidhmiú beartais atá éifeachtach agus freagrach.**

**Toradh:** Roinn a bhfuil baill fhoirne ann, atá nuálach, solúbtha, freagrúil agus lúfar, a chinntíonn ardchaighdeán seirbhíse poiblí agus rialachais chorparáidigh, agus acmhainní barrfheabhsaithe chun ár Straitéis, Misean agus Spriocanna a sheachadadh.



# Sprioc 1

## Fostaíocht iomlán agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chothú.

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Páipéar Bán an Rialtais ar Fhiontraíocht a chur i bhfeidhm chun iomaíochas agus athléimneacht na bhfiontar atá bunaithe in Éirinn, go háirithe FBManna, a fheabhsú.
- Beartais agus tacaíochtaí a chur i bhfeidhm d’fhiontraithe, do FBManna agus do mhicrifhiontair atá spriocdhírithe, lúfar, freagrúil agus luach ar airgead ag baint leo.
- Beartais agus tacaíochtaí a chur i bhfeidhm a éascaíonn do FBManna tosú, leathnú agus rochtain a fháil ar airgeadas agus ar mhargaí idirnáisiúnta chun deiseanna fáis a uasmhéadú.
- Ráiteas Beartais na hOifige Fiontair Áitiúil (OFÁ) a chur i bhfeidhm, ag neartú na OFÁanna mar an chéad ionad ag an leibhéal áitiúil do ghnólachtaí in Éirinn.
- A chinntiú gur féidir le fiontraíocht rochtain a fháil ar airgeadas inacmhainne, lena n-áirítear micreamhaoiniú, ráthaíochtaí iasachta, agus caipiteal síl agus fiontair.
- Beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuireann ar chumas gnólachtaí a bhíonn ag trádáil go háitiúil dul san iomaíocht agus rochtain níos fearr a sholáthar ar thacaíochtaí Rialtais do ghnó tríd an Mol Náisiúnta Fiontair a chur i bhfeidhm.
- Ár n-uaillmhianta a bhaint amach faoi Thionchar 2030 chun cumas nuálaíochta agus infheistíocht a leathnú agus a dhoimhniú ar fud na hearnála fiontair, go háirithe feidhmíocht nuálaíochta ár FBManna, lena n-áirítear trí chomhoibriú a mhéadú leis an gcóras poiblí taighde agus dea-dhearadh a chothú mar chuid lárnach de tháirgí agus seirbhísí nua a thabhairt don mhargadh.
- Tarraingteacht na hÉireann a chothú agus a fheabhsú mar láthair d’infheistíocht dhíreach shoghluaiste, lena n-áirítear trí fhorbairt bheartais réamhghníomhach, fás agus claochlú infheistíochtaí atá ann cheana féin, tairiscint luacha Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) na hÉireann a fhorbairt agus leas a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn.

- Naisc a neartú idir gnólachtaí eachtracha agus cuideachtaí atá faoi úinéireacht Éireannach, ag forbairt éiceachórais níos láidre chun cabhrú le gnólachtaí áitiúla iad féin a leabú i slabhraí luacha na n-earnálacha atá dian ar IDC agus an leibhéal Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TF&N) a dhéanann fiontair dhúchasacha a mhéadú.
- Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus an Rialtas chun tacú le hinfheistíocht straitéiseach sa Phlean Forbartha Náisiúnta a sheachadann éiceachóras forbartha geilleagrach agus fiontraíochta atá iomaíoch ar fud an domhain agus atá oiriúnach don todhchaí agus í a dhaingniú san oideachas, sa nuálaíocht agus sa bhonneagar fisiceach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na Pleananna Fiontair Réigiúnacha reatha agus tús a chur le próiseas forbartha na bpleananna comharba.
- Cur leis an athbhreithniú ar an gCreat Pleanála Náisiúnta chun fás cothrom réigiúnach a chinntiú.
- Cur le láidreachtaí agus acmhainneacht fiontraíochta na hÉireann agus beartas a ghiaráil agus Straitéis Speisialaithe Chliste na hÉireann a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó leathadh amach chláir Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).
- Forbairt eacnamaíoch réigiúnach chothromaithe a sheachadadh ón ngaoth amach ón gcósta chun forbairt eacnamaíoch a spreagadh i réigiúin agus i bpobail cois cósta.
- Nuálaíocht san earnáil tógála agus modhanna nua-aimseartha tógála a chur chun cinn chun seachadadh tithíochta ardchaighdeáin, inbhuanaithe agus inacmhainne a luathú.
- Straitéis Náisiúnta Spáis na hÉireann don Fhiontraíocht a chur chun cinn chun ár dtionscal gníomhach sa spás a leathnú tuilleadh.
- Cur le forbairt agus le cur i bhfeidhm rialacha um Chúnamh Stáit chun cothrom na Féinne a chur chun cinn agus tacú le beartas a éascaíonn fás, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht do ghnólachtaí Éireannacha san AE.





# Sprioc 2

## Na haistrithe ísealcharbóin agus digiteacha a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht na bhfiontar atá bunaithe in Éirinn a chinntiú.

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Cur le hathléimneacht ár mbonn fiontair, trí bheartais agus caighdeáin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun uasteorainneacha astaíochtaí earnála an tionscail agus na bhfoirgneamh tráchtála a bhaint amach, trí na bearta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.
- Bearta dícharbónaithe a leabú i gcláir bheartais fiontair agus dreasacht a thabhairt don tionscal, le fócas ar leith ar astaírí móra, aistriú go cleachtas comhshaoil níos inbhuanaithe agus astaíochtaí carbóin a laghdú.
- Fiontraíocht a chumasú chun deiseanna an gheilleagair ísealcharbóin a réadú, lena n-áirítear deiseanna fuinnimh in-athnuaite.
- Cabhrú le FBManna a n-astaíochtaí níos ísle a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a fheabhsú agus tionchar comhshaoil a laghdú.
- Na gníomhartha atá leagtha amach faoi **Ag Cumhachtú Rathúnais: Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta** a sheachadadh agus oibriú leis an Tascfhórsa Seachadta Gaoithe Amach ón gCósta tras-rialtasach.
- Forbairt caighdeán nua AE agus domhanda a chur chun cinn lena n-áirítear cuspóirí Straitéis Chaighdeánaithe an AE agus na straitéisí ciorclacha agus geilleagar dramhaíola a léiriú agus caighdeáin táirgí inbhuanaithe á bhforbairt.
- An tAcht um Thionscal Glan-Nialais a chur i bhfeidhm agus tacú leis an ngeilleagar ciorclach trí cheanglais Éicidhearthóireachta an AE a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

- An digitiú méadaithe agus táirgiúlacht fheabhsaithe a éascú ar fud na n-earnálacha fiontair go léir tríd an gCiste Trasdulta Digiteach a leathadh amach go leanúnach agus an Tairseach Dhigiteach Fás a chur chun cinn chun cabhrú le gnólachtaí féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcuid riachtanas digiteach, chomh maith le treoir a thabhairt do roghanna oiliúna, acmhainní agus maoinithe.
- Na Moil Eorpacha um Nuálaíocht Dhigiteach a chur chun cinn mar ionaid ilfhreastail chun cuidiú le digitiú FBM agus na hearnála poiblí.
- Tacú ar leibhéal an AE maidir le beartais agus rialacháin a thacaíonn le geilleagar digiteach atá neamhdhíobhálach don nuálaíocht.
- Claochlú digiteach an tionscail déantúsaíochta a spreagadh chun mol déantúsaíochta iomaíoch atá faoi thiomáint ag an nuálaíocht a bhaint amach.
- Cur i bhfeidhm tras-Rialtais an Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga, **AI – Anseo go Deo** a threorú.
- A chinntiú go ndéanfaidh Coimisiún na Meán agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- Straitéis Náisiúnta Leathsheoltóra a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm mar fhreagra ar Acht Slise an AE agus forbairtí idirnáisiúnta comhfhreagracha.
- Eispéireas rannpháirtíochta cliant Líonra OFÁ a neartú, lena n-áirítear Córas Bainistíochta Caidrimh Cliant (CRMS) nua a chur i bhfeidhm.
- Oibriú le Ranna Rialtais ábhartha chun an t-aistriú go geilleagar fuinnimh ghlan tar éis 2030 a bhainistiú, lena n-áirítear úsáideoirí móra fuinnimh agus lárionaid sonraí sa ghearrthéarma go 2030.
- Cuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SFIanna) a chur chun cinn, bheith i gceannas ar dheich sprioc SFI, agus freagracht a roinnt as tuilleadh spriocanna.





# Sprioc 3

## Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe.

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Straitéis Trádála agus Infheistíochta an Rialtais 2022-2026, **Luach d'Éirinn, Luachanna don Domhan, a chur i bhfeidhm**.
- Oibriú lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta chun comhghuaillíochtaí a thógáil agus a neartú chun beartais caighdeáin, rialacháin agus comhaontuithe idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn a mhúnlú a mbíonn tionchar acu ar thimpeallacht eacnamaíoch agus ghnó na hÉireann.
- Leasanna eacnamaíocha agus trádála na hÉireann a chur chun cinn i gcomhthéacsanna iltaobhacha, lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) agus an ECFE, agus oibriú i gcomhpháirt leis an CE agus Ballstáit an AE chun a chinntiú go bhfuil an WTO i gcroílár córas trádála iltaobhach domhanda, bunaithe ar rialacha.
- Saorthrádáil oscailte a chur chun cinn chun tacú le samhail eacnamaíoch na hÉireann laistigh d'AE dinimiciúil, iomaíoch agus chun slabhraí soláthair ríthábhachtacha a chosaint, tacú le Comhaontuithe Saorthrádála nua an AE agus chun caidreamh trádála trasatlantach a chothabháil agus a dhoimhniú.
- Oibriú ar fud an Rialtais agus lenár gcomhpháirtithe san AE chun bacainní ar thrádáil a aithint agus a bhaint, go háirithe i seirbhísí, chun Margadh Aonair AE atá ag feidhmiú go hiomlán a bhaint amach ar mhaithe lenár n-onnmhaireoirí, ár ngnólachtaí agus tomhaltóirí eile.
- Trádáil thrasteorann a neartú agus deiseanna do chomhoibriú Thuaidh-Theas a chothú chun an geilleagar uile-Oileáin a fheabhsú, cuspóirí Oileán Comhroinnte a sheachadadh, agus tacú le fás eacnamaíoch i suímh theorann straitéiseacha, lena n-áirítear trí thacaíochtaí gnó arna soláthar ag Idir-Thrádáil Éireann.

- A chinntiú go dtacaíonn seasamh na hÉireann ar gach margadh trádála leis an aistriú go geilleagar domhanda inbhuanaithe agus go gcuirtear san áireamh riachtanais na dtíortha i mbéal forbartha, go háirithe na Tíortha is Lú Forbartha, san AE agus sa chóras trádála domhanda.
- Cuidiú le cuideachtaí Éireannacha margaí easpórtála a fhás agus a éagsúlú go hinbhuanaithe trí chuidiú le fiontair dul isteach i margaí idirnáisiúnta agus leas a bhaint astu agus leathnú isteach i margaí nua trí leas iomlán a bhaint as Margadh Aonair an AE agus as líonra Chomhaontuithe Saorthrádála an AE chomh maith le deiseanna a d'fhéadfadh eascairt as tionscnamh Geata Domhanda an AE.
- Tacú le na socruithe trádála AE-RA a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhar idir an AE agus an RA, chun a chinntiú go gcosnaítear leasanna na hÉireann agus go maolaítear tionchair an Bhreatimeachta ar ghnóthais.
- Oibriú lenár ngníomhaireachtaí mar chuid d'Fhoireann Éireann thar lear, i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda Éireann 2025 an Rialtais, chun ár n-onnmhairí a chur chun cinn agus chun aird a tharraingt ar tharraingteacht na hÉireann d'infheistíocht agus nuálaíocht, chun leas a bhaint as athruithe domhanda i samhlacha gnó agus i dteicneolaíochtaí suaiteacha atá ag teacht chun cinn agus an chéad tonn eile de ghníomhaíocht teicneolaíochta agus gnó a mhealladh.
- Plé go cuiditheach le clár oibre AE um shlándáil eacnamaíoch, arb é is aidhm dó, na huasleibhéil d'oscailteacht eacnamaíoch agus dinimiceas a chaomhnú.
- A chinntiú go bhfuil creat láidir dlíthiúil agus oibriúcháin ag Éirinn chun onnmhairiú earraí rialaithe a rialú, chun tacú le slándáil dhomhanda agus cearta an duine.
- Smachtbhannaí Trádála na NA agus an AE a chur i bhfeidhm chun tacú leis an dlí idirnáisiúnta agus cearta an duine.
- Cleachtais ghnó freagracha a chur chun cinn agus ionchur sa dara Plean Náisiúnta Gnó agus Cearta Daonna.




# Sprioc 4

## Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó chun cur le tarraingteacht na hÉireann mar áit le gnó a dhéanamh.

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- A bheith i gceannas ar fud an Rialtais ar fhorbairt moltaí beartais atá bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí a chuideoidh le timpeallacht iomaíoch infheistíochta, táirgiúlachta, fiontraíochta agus fostaíochta, ag tarraingt ar obair agus ar mholtaí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta.
- Rialú éifeachtach gnó agus ualaí riaracháin laghdaithe a chur i bhfeidhm, trí fhorbairt a dhéanamh ar bheartas atá bunaithe ar fhianaise agus a chuimsíonn comhairliúchán poiblí agus anailís tionchair. Feabhsóimid agus cuirfimid chun cinn agus déanfaimid monatóireacht ar fheidhmiú na Tástála FBM ar fud an Rialtais ar bheartais nua, ar reachtaíocht phríomha/thánaisteach agus ar cheanglais chomhlíonta rialála.
- A chinntiú go bhfuil Acht na gCuideachtaí 2014, comharchumainn, agus reachtaíocht comhpháirtíochta teoranta freagrúil agus go léiríonn siad dea-chleachtas idirnáisiúnta ionas gur féidir le hÉirinn fiontar agus fiontraíocht a éascú, agus fostaithe, comhaltaí agus creidiúnaithe a chosaint le cosaintí cuí.
- Tacú leis na comhlachtaí rialála agus forfheidhmithe a bunaíodh faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus a chinntiú go gcuireann dlí na gcuideachtaí ar chumas na gcomhlachtaí a gcuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach.
- A chinntiú go bhfuil córas éifeachtach iniúchta agus cuntasaíochta ag Éirinn de réir rialacha comhoiriúnaithe an AE.
- Córas maoine intleachtacha forásach a sholáthar a spreagann fás eacnamaíoch le nuálaíocht agus cruthaitheacht a spreagadh ar fud na sochaí, agus a fhreagraíonn do na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le geilleagar digiteach.
- Forbairt beartais agus cleachtais éifeachtacha bainistíochta maoine intleachtacha a chur chun cinn, trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim idirnáisiúnta iomchuí.

- Ceangal láidir a choinneáil idir an fiontar agus an earnáil oideachais chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais scileanna an gheilleagair agus na fiontraíochta amach anseo trínár dtaighde agus tacaíocht theicniúil don Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Cuirfimid breisoiliúint chun cinn trí na OFÁanna agus oibreoimid le comhghleacaithe sna Ranna Oideachais agus Scileanna agus Ardoideachais um Thaighde, Nuálaíocht agus Scileanna ar an gclár oibre seo.
- Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le chéile ar fud an Rialtais agus ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go n-oibríonn ár réimeas cánachais do gach gnó lena n-áirítear trádálaithe aonair féinfhostaithe, FBManna agus cuideachtaí ilnáisiúnta móra.
- Creat rialála comhleanúnach agus éifeachtach a chur chun cinn chun seasamh na hÉireann mar phríomh-mhol rialála digiteach san AE a choinneáil.
- Ceannaireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme tras-Rialtais Ghníomh an AE um Intleacht Shaorga, lena n-áirítear a bhearta chun tacú le nuálaíocht i nFBManna.
- Leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus ag nuachóiriú na reachtaíochta um chosaint tomhaltóirí ionas gur féidir le tomhaltóirí rochtain a fháil ar phróisis réitigh díospóide lasmuigh den chúirt atá cost-éifeachtach.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le cur chuige an rialtais iomláin maidir le hathchóiriú árachais, lena n-áirítear faireachán ar thionchar faoin bPlean Gníomhaíochta um Athchóiriú Árachais.
- An Bord um Réiteach Díobhálacha a éascú chun éilimh dhíobhálacha pearsanta a réiteach gan gá le dlíthíocht, lena n-áirítear trí idirghabháil, ar an gcaoi sin costais na n-éileamh díobhála pearsanta a laghdú agus laghduithe ar phréimheanna árachais a éascú.
- Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht struchtúrtha le raon leathan de chomhlachtaí pháirtithe leasmhara agus eagraíochtaí ionadaíocha.





# Sprioc 5

## Sábháilteacht san ionad oibre agus fostaíocht ardchaighdeáin a chur chun cinn agus seasamh le cearta fostaíochta.

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go gcoimeádtar cearta fostaíochta agus caighdeáin mhargadh an tsaothair faoi athbhreithniú agus nuashonraithe chun forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta a léiriú, lena n-áirítear ar leibhéal an AE, Chomhairle na hEorpa, na Cúirte Breithiúnais agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.
- Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Fostaíochta a bhunú ar a mbeidh páirtithe leasmhara saineolacha chun cabhrú lena chinntiú go bhfanann creat dlí fostaíochta na hÉireann oiriúnach don fheidhm agus go n-oiriúnóidh sé don ionad oibre comhaimseartha atá ag forbairt.
- Iomaíochas na hÉireann a mhéadú chun na scileanna agus an tallann atá de dhíth ar an ngeilleagar a mhealladh trí chóras éifeachtúil ceadanna fostaíochta a bhainistiú, ag baint an leas is mó is féidir as an imirce eacnamaíoch agus ag íoslaghdú cur isteach ar mhargadh saothair na hÉireann.
- Tacú le socruithe iargúlta, solúbtha agus moil chun cothromaíocht oibre is saoil níos fearr agus cothromaíocht réigiúnach níos fearr a chur chun cinn. Tacú le rannpháirtíocht níos airde ban sa mhargadh saothair trí obair ár nGrúpa Gnó Balance for Better feabhas a chur ar chothromaíocht inscne i gceannaireacht shinsearach gnó in Éirinn.
- Beart a chur i bhfeidhm chun ligean d'fhostaithe, ach gan iallach a chur orthu, fanacht i bhfostaíocht go dtí Aois an Phinsin Stáit trí bhíthin an Bhille Fostaíochta (Srian ar Aoiseanna Éigeantacha Scoir Áirithe).
- Treoir an AE ar Íospá Náisiúnta a thrasuí agus forbairt plean gníomhaíochta ar chómhargáil a fhorbairt faoi Fhóram Eacnamaíoch Fostóirí Saothair.

- A chinntiú go leanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Chúirt Oibreachais ar aghaidh ag soláthar seirbhís chaidrimh san ionad oibre agus creat cearta fostaíochta den scoth.
- Tríd an tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta, a chinntiú gur féidir le fochonraitheoirí díospóidí íocaíochta a réiteach go tapa.
- Dul chun cinn i dtreo Pá Maireachtála Náisiúnta (le baint amach faoi Eanáir 2026) ar bhealach a chosnaíonn fostaíocht agus a dhéanann maoirseacht ar shocrú pá earnála in earnálacha eacnamaíocha áirithe.
- Tacaíocht taighde agus theicniúil a sholáthar d'obair an Choimisiúin Pá Íseal.
- Dul i dteagmháil le fostóirí chun feasacht a ardú ar na tacaíochtaí chun daoine faoi mhíchumas agus grúpaí mionlaigh a fhostú.
- A chinntiú go bhfuil córas sábháilteachta agus sláinte ceirde i bhfeidhm atá láidir agus éifeachtach d'oibrithe agus cabhrú le fostóirí gnólachtaí sábháilte, táirgiúla agus iomaíocha a oibriú.
- A chinntiú go bhfuil creat rialála láidir ceimiceán agus substaintí contúirteacha i bhfeidhm ag Éirinn trí cheannaireacht a dhéanamh ar fud an Rialtais agus oibriú le páirtithe leasmhara agus leis an tionscal.
- Dul i dteagmháil leis an tionscal chun an cleachtas is fearr a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na hearnála príobháidí maidir le hionaid oibre ilchineálacha agus cuimsitheacha a thógáil.





# Sprioc 6

## Roinn nuálach, uilechuimsitheach agus lúfar a thógáil le héiteas láidir seirbhíse poiblí ag tiomáint forfheidhmiú beartais atá éifeachtach agus freagrach.

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Ár Straitéis Daoine 2021-2024 a chur i bhfeidhm ag díriú ar na príomhthosaíochtaí a bhaineann le bheith i do 'Rogha Fostóra', 'Fórsa Oibre Athléimneach', agus 'Ionad Oibre Uilechuimsitheach' agus a comharba a fhorbairt agus a sheoladh.
- Trínár **nAcadamh Fiontair** déanfaimid infheistíocht i scileanna, i bhfoghlaim agus i bhforbairt ghairme chun tacú lenár bhfoireann sainordú na Roinne a sheachadadh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár mBeartas Oibre Cumaisc lena chinntiú go leanann sé ar aghaidh ag comhlíonadh ár gcuspóirí gnó agus go dtugann sé cothromaíocht chuí oibre/saoil don fhoireann.
- Ár straitéis comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta (CÉ&C) a chur i bhfeidhm dár bhfoireann agus sna seirbhísí a chuirimid ar fáil.
- Leanfaimid orainn ag cur chun cinn agus ag tacú le daoine faoi mhíchumas a fhostú sa Roinn.
- Riachtanais daoine faoi mhíchumas a aithint agus iarracht a dhéanamh freastal orthu agus iad ag seachadadh seirbhísí agus cur leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais nua.
- Straitéis Cultúir agus Luachanna a fhorbairt chun cultúr láidir eagraíochta a chothú mar chuid dár n-uaillmhian a bheith mar Rogha Fostóra.
- An nuálaíocht a leabú tuilleadh in obair na Roinne trí mhodheolaíochtaí nuálaíochta a chur i bhfeidhm agus Straitéis Nuálaíochta a fhorbairt.
- Faisnéis thrédhearcach thráthúil a sholáthar do pháirtithe leasmhara agus don phobal maidir le Caidreamh leis na Meáin; Saoráil Faisnéise; Seirbhísí Custaiméara; Nochtadh Cosanta agus Cosaint Sonraí.

- Aghaidh a thabhairt ar Bhearna Pá Inscne na Roinne trí chomhairle agus tacaíocht a thabhairt agus trí dhul chun cinn gairme a chur chun cinn.
- Ár straitéis TFC a chur i bhfeidhm chun réitigh dhigiteacha agus sonraí atá cobhsaí, slán, inscálaithe agus nualaíoch agus seirbhísí poiblí atá dírithe ar an gcliant a sholáthar.
- Ár Straitéis Chumarsáide 2022-2024 a chur i bhfeidhm, feachtais a bhfuil tionchar acu ar an bhfiontraíocht a sheachadadh agus tacú le cumarsáid éifeachtach lenár bhfoireann, lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár bhfoireann lena n-áirítear trí Ghaeilge de réir cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003-2021.
- An luach is fearr ar airgead a chinntiú agus caiteachas na Roinne a ailíniú le tosaíochtaí beartais, arna threorú ag sonraí, fianaise agus meastóireacht láidir.
- Déanfaimid ár ndícheall ár bhfeidhmíocht i rialachas corparáideach a fheabhsú go leanúnach chun trédhearcacht agus luach ar airgead a chinntiú ag teacht le treoir lárnach; trí mhaoirseacht chuí a fheidhmiú maidir le Gníomhaireachtaí agus na hOifigí Stáit a thagann faoinár sainchúram; trí bhainistíocht riosca, nósanna imeachta airgeadais agus cuntasaíocht láidir a chinntiú agus trí fheidhm iniúchta inmheánaigh neamhspleách.
- Treoir a thabhairt trí eiseamláir maidir le hastaíochtaí a laghdú trínár bPlean Oibre um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide, Tionscnaimh na Foirne Glasa agus Taisteal Níos Cliste a chur i bhfeidhm agus leanúint ar aghaidh ag obair leis an OOP agus an ÚFIÉ sna réimsí seo a leanas: caomhnú fuinnimh, giniúint dramhaíola agus bithéagsúlacht.
- A chinntiú go bhfuil ár bhfoirgnimh agus ár seirbhísí sábháilte agus inrochtana agus a chinntiú go bhfuil timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil ann don fhoireann agus do chuairteoirí uile na Roinne de réir forálacha reachtúla, trí Ráiteas Sábháilteachta na Roinne a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Tacú le cur chuige uile-rialtais maidir le pleanáil straitéiseach éigeandála trí bhallraíocht de Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála.



# Cearta Daonna agus Comhionannas Dualgas na hEarnála Poiblí

De réir alt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, faoi Dhualgas um Chomhionannas na hEarnála Poiblí agus um Chearta an Duine nó faoin Dualgas Earnála Poiblí, comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse, agus gach duine a mbíonn tionchar ag a gcuid polasaithe agus pleananna a chosaint.

Ag teacht lenár n-oibleagáidí faoin Acht, tá an Roinn tiomanta chun a chinntiú go gcomhlíonann ár mbeartais, ár nósanna imeachta agus ár seirbhísí, ceanglais i réimsí cearta an duine agus comhionannais. Thar shaolré na Straitéise seo leagfaidh an Roinn amach na hoibleagáidí cearta daonna agus comhionannais a bhaineann le feidhmeanna na Roinne, lena seirbhísí a sholáthraímid.

Mar eagraíocht, aithnímid gurb iad ár ndaoine an tsócmhainn is mó atá againn agus tá sé mar aidhm againn an tallann a theastaíonn chun clár straitéiseach na Roinne a sheachadadh a mhealladh agus a choinneáil. Ba mhaith linn a chinntiú go mothaíonn an fhoireann agus na custaiméirí go léir go bhfuil fáilte rompu sa Roinn seo, go bhfuil sé de chumhacht ag an bhfoireann a lánacmhainneacht a bhaint amach, agus go bhfuil rochtain ar sheirbhísí, deiseanna agus forbairt gairme ar fáil ar chomhchéim do chách.

I Ráiteas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Chuimsitheacht (CÉ&C) na Roinne, neadaítear CÉ&C inár mbealach le gnó a dhéanamh, agus leagann ár Straitéis CÉ&C amach ár bplean chun cultúr cuimsitheachta, cothroime agus measa a bhaint amach d'fhoireann agus do chustaiméirí uile na Roinne. Bainfear an fhís seo amach trí ghníomhaíochtaí faoi cheithre sprioc: cultúr dearfach tacaíochta agus cuimsitheachta a bhaint amach san ionad oibre; baill foirne atá ardoilte i mbainistiú na héagsúlachta; comhionannas deiseanna don fhoireann ar fad, agus comhionannas i rochtain ar sheirbhísí dár gcustaiméirí.

## Le linn shaolré na straitéise seo déanfaimid:

- Measúnú a dhéanamh ar cheisteanna cearta daonna agus comhionannais a bhaineann le feidhmeanna na Roinne.
- Ár gcearta daonna agus ár ndualgais chomhionannais a chur chun cinn agus a chothú agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn inár dTuarascáil Bhliantúil.
- 'Grúpa Comhairleach' foirne Comhionannais, Éagsúlachta & Cuimsitheachta (CÉ&C) a chothú mar phríomhfhoinse ionchuir agus aiseolais foirne ar dheacrachtaí CÉ&C.
- Leanúint ar aghaidh ag dul i dteagmháil le Lárionad na hÉireann um Éagsúlacht chun ár Marc CÉC (EDI) 'Infheisteoirí san Éagsúlacht' a choinneáil mar thomhas ar ár ndul chun cinn chun comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chothú ar fud na Roinne,
- Páirt a ghlacadh i gcláir sheachtracha chun tacú le comhionannas deiseanna gairme do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear na cláir TÁM (Toilteanach, Ábalta agus Meantóireacht) agus OFO (Oibrigh agus Foghlaim Oireachtais), chomh maith le gníomhú i gcomhpháirtíochtaí cuimsitheachta níos leithne mar an eagraíocht 'oiriúnach do JAM card'

Leanaimid de luach a chur ar chomhionannas, cuimsitheacht agus cearta daonna agus iad a chur chun cinn trínár bhforbairt ar bheartas agus reachtaíocht agus trínár rannpháirtíocht ghníomhach in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i bhfóraim iltaobhacha.



# Monatóireacht a Dhéanamh ar Fheidhmíocht

Cuireann Painéal Sonraí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar féidir teacht air ar ár suíomh gréasáin www.enterprise.gov.ie thart ar 100 táscaire eacnamaíocha i láthair ar fud na réimsí fiontair, trádála agus fostaíochta. Cuirtear achoimre ar shonraí na RA agus Thuaisceart Éireann ar fáil freisin i gcomhthéacs fócas ar an mBreatimeacht agus a impleachtaí ó thaobh trádála na hÉireann de. Faightear na sonraí ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar nós na Príomh-Oifige Staidrimh agus Eurostat, chomh maith le hAonaid Ghnó ar fud na Roinne agus ár nGníomhaireachtaí agus Oifigí.

Beidh na cuspóirí straitéiseacha, na gníomhartha agus na torthaí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo mar bhonn eolais agus léireofar iad sna pleananna bliantúla gnó agus bainistíochta riosca a tháirgeann gach Rannán Gnó sa Roinn agus a ndéanfaidh Bord Bainistíochta na Roinne monatóireacht orthu. Áireoidh siad seo spriocanna sonracha a mbeifear ag súil go ndéanfaidh gach Rannán iad a sheachadadh gach bliain, agus ba cheart go gcinnteodh a gcomhiomlánú go gcomhlíontar na gealltanais atá leagtha amach sa Ráiteas. Coimeádfaidh an Bord Bainistíochta na spriocanna seo faoi athbhreithniú agus déanfar measúnú foirmiúil ar phleananna gnó na rannán faoi dhó sa bhliain. Mionsonrófar sa Tuarascáil Bhliantúil an dul chun cinn a dhéantar gach bliain ar na cuspóirí agus na gníomhartha straitéiseacha atá sa Ráiteas Straitéise seo.

Áirítear sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht 15 sprioc maidir le beartas fiontraíochta sa tréimhse go dtí 2030. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tosaigh maidir le Pleananna Forfheidhmithe dhá bhliain as a chéile de ghníomhaíocht tras-rialtais a fhorbairt chun an Páipéar Bán a chur i bhfeidhm agus na spriocanna seo a bhaint amach. Leagtar amach sna Pleananna Forfheidhmithe conas a dhéanfaidh na Ranna, na gníomhaireachtaí agus na hoifigí Rialtais éagsúla a gcuid gealltanas faoi seach a sheachadadh mar spriocanna inghnóthaithe ar an tráthchlár, agus an Roinn agus a cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí ag glacadh príomhról. Tuairiscítear dul chun cinn débhliantúil don Choiste Comh-Aireachta ar Théarnamh Eacnamaíoch agus Infheistíocht agus déantar monatóireacht air ar bhonn leanúnach tríd an nGrúpa Oifigeach Sinsearach a bhaineann leis. Áiríonn na tuarascálacha débhliantúla nuashonruithe ar dhul chun cinn i dtreo na 15 sprioc le sonraí nua faoi gach ceann de na bearta san áireamh de réir mar a bheidh sé ar fáil ó na foinsí ábhartha.

Soláthraíonn an Tuarascáil ar Fheidhmíocht na Seirbhíse Poiblí faisnéis shoiléir inrochtana do shaoránaigh ar conas a leithdháileadh cistí poiblí, conas a úsáideadh na cistí sin agus leagann sé amach aschuir agus tionchair chláir na Roinne. Tuairiscíonn an Roinn i gcoinne raon táscairí a bhaineann leis na trí chlár caiteachais atá leagtha amach ina cuid den Imleabhar Meastacháin Athbhreithnithe. Déanfaidh an Bord Bainistíochta na táscairí seo a mhaoirsiú agus a athbhreithniú mar chuid de rialachas iomlán na Roinne.

# Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO)

Clárlann na gCumann Cairdiúil (RFS)

Clár Lárnach um Úinéireacht Thairbhiúil (RBO)

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC)

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann

An Chuirt Oibreachais

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)

Údarás Forfheidhmithe Corparáideach (CEA)

Fiontraíocht Éireann

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)

GFT Éireann

Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA)

Bord Um Réiteach Díobhálacha Pearsanta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Forbartha ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Deireadh Fómhair 2024